CORPORATE SERVICES SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

CONTENTS CLÁR

Broadcasting from Cork 70
Craoladh ó Chorcaigh

RTÉ Performing Groups 76
Grúpaí Seanma RTÉ

Organisation and Development 80
Eagrúchán agus Forbairt

Personnel Division 82
An Rannóg Phearsanra

Commercial Enterprises 84
Fiontair Thráchtála

Business Planning Division 94
Rannóg Pleanála Gnó

Technology Division 96
An Rannóg Theicneolaíochta

Public Affairs 98
Gnóthaí Poiblí

“ Ensuring that RTÉ continues to develop as the leading multi media broadcaster.”

CORPORATE SERVICES

Teilifís

Sholáthraigh RTÉ Corcaigh thart ar 70 uair an chloig de chláir theilifíse i 2000.

Mhúin Wordwitch, clár nua oideachasúil do dhaoine óga, foghraíocht agus comhdhéanamh na bhfocal dóibh. Dhírigh Herbal Infusion, sraith sé pháirt, ar úsáid luibheanna sa chomhthéacs is leithne.

Ba mhór an briseadh croí dá comhghleacaithe agus dá móidíní bás antráthach Uaneen Fitzsimons, láithreoir No Disco, mí na Samhna. Thacaigh an clár ceoil seo, i rith na bliana, le hoirfidigh nach bhfuil de réir rialacha an phopdhomhain chorparáidigh. Chuir an fhoireann clabhsúr le 2000 le clár ómóis uair an chloig d'Uaneen.

Phléigh an clár tomhaltóireachta Streetwise le níos mó gearán, agus spreagadh níos mó fiosrúchán, ná mar a bhí i gceist riamh cheana. Bhain an tsraith feidhm, don chéad uair, as saineolas Lárionad Tomhaltóirí na hEorpa i mBaile Átha Cliath.

Leanadh triúr iomaitheoir de chuid Rós Thrá Lí tríd na comórtais bhaile acu go dtí an babhta ceannais i gclár faisnéise uair an chloig, Behind the Rose.

Sa chlár faisnéise, 164 Lives, 50 Years: The Kerlogue Rescue, insíodh scéal Tom O'Neill as Loch Garman agus a chairdeas le grúpa Gearmánach a thosaigh le linn an Dara Cogadh Domhanda nuair a shábháil Tom agus criú an MV Kerlogue 164 dalta cabhlaigh ón nGearmáin ar bhá i mBá na Bioscáine.

Táirgíodh an ceathrú sraith den chlár mara, Out of the Blue láithrithe ag Derek Davis, le linn na bliana agus an dara sraith de Citizens, le craoladh go luath i 2001.

Lean Michael Ryan agus foireann Nationwide orthu ag solathar réimse leathan de scéalta réigiúnacha nuachta agus eolais as gach cearn d'Éirinn. Thosaigh scar-roghanna réigiúnacha (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh) i mí na Samhna.


1


2

3

1 Reporter Oonagh Smyth, presenter of Streetwise.
Oonagh Smyth, tuairisceoir agus láithreoir Streetwise.

2 Solicitor Emma Meagher-Neville, presenter of Streetwise.
Emma Meagher-Neville, aturnae agus láithreoir Streetwise.

3 Michael Ryan, Editor, Nationwide.
Michael Ryan, Eagarthóir, Nationwide.

Television

RTÉ Cork produced approximately 70 hours of television programmes in 2000, including Wordwitch, a new educational children's programme, taught children phonetics and word building and Herbal Infusion, a six-part series, focused on the use of herbs in the broadest possible context.

The tragic death of No Disco presenter Uaneen Fitzsimons in November was devastating to her colleagues and fans. During the year, the music show continued to champion artists who do not conform to the corporate pop world. The team ended 2000 compiling a one-hour tribute programme to Uaneen.

The consumer programme Streetwise covered a record number of complaints and generated more consumer enquiries than ever. For the first time, the series utilised the expertise of the European Consumer Centre in Dublin.

Behind The Rose, an hour-long documentary, followed three Rose of Tralee entrants through their hometown competitions to the final.

The documentary 164 Lives, 50 Years: The Kerlogue Rescue, told the story of Wexford man Tom O'Neill and his friendship with a group of Germans that began during World War II when Tom and the crew of the MV Kerlogue saved 164 German naval cadets from drowning in the Bay of Biscay.

The marine programme Out of the Blue (in its fourth series), presented by Derek Davis, and a second series of Citizens were produced during the year for transmission in early 2001.

Michael Ryan and his Nationwide team continued to bring viewers a wide variety of regional news stories and information from all over Ireland. Regional opt-outs (Dublin, Cork and Galway) started in November.

1

2

1 Ruth Allen writer and presenter of Wordwitch.
Ruth Allen, scríbhneoir agus láithreoir Wordwitch.

2 Out of the Blue Presenter Derek Davis.
Láithreoir Out of the Blue, Derek Davis.

Ar leanúint

Raidió

Tar éis dúnadh an raidió áitiúil, RTÉ Radio Cork, mí Eanáir, bhog Aonghus McAnally go Corcaigh mar léiritheoir coimisiúnaithe d'fhonn réimsí a aithint ina bhféadfadh stiúideonna Chorcaí ról níos suaithinsí a bheith acu sa sceideal náisiúnta. Mar thoradh air sin léirigh RTÉ Corcaigh sraith de chláir nua. Ina measc bhí:

Southern Exposure, sraith sé pháirt a scríobh agus a láithrigh Conal Creedon. Breithníodh sé cinn de láithreacha móra saoire sa Mhumhain, mar atá siad anois agus mar a bhí siad roimhe seo; Mothers of Invention, a léirigh Donna O'Sullivan, sraith inar thrácht mná ar an slí ina raibh tionchar ag cruthaitheacht ar a saol; A Question of Food, a láithrigh Derek Davis, le comhairle ó shaineolaithe cócaireachta i dtaobh stíleanna éagsúla cuisine gach seachtain; It's a Funny Business, a láithrigh agus a léirigh Alf McCarthy, sraith ocht bpáirt d'agallaimh le fuirseoirí na hÉireann; bhreithnigh The Usual Suspects saol polaitiúil agus cultúrtha na hÉireann ag baint feidhme as creatlach finscéalaíoch na seónna póilíneachta teilifíse sna seascaidí.

Leanadh de RTÉ Radio a hAon Domhanda, seirbhís RTÉ do lucht iarrtha dídine, do theifigh agus do chomhluadair inimirce a mhaireann in Éirinn, gach oíche ar 1278 méadar ar an meántonn, léirithe ag Marcus Connaughton.

I measc na gclár raidió ar leanadh dóibh, bhí Late Date, ó stiúideonna Chorcaí trí oíche sa tseachtain, láithrithe ag Lilian Smith; The Irish Collection, craolta go laethúil idir 2am agus 6am le buaicmhíreanna ó chláir Radio 1 an lae roimhe sin, láithrithe ag Steve Bolger agus Daragh Murphy; Seascapes, an clár seachtainiúil nuachta agus faisnéise i dtaobh ghnóthaí na farraige, láithrithe ag Tom MacSweeney. Ó shamhradh 2000 i leith, láithríonn John Creedon a chlár lár an lae ar Radio 1 ó stiúideonna Chorcaí.

1 Tom McSweeney, presenter of Seascapes.
Tom McSweeney, láithreoir Seascapes.

Continued

Radio

Following the closure of RTÉ Radio Cork, Aonghus McAnally moved to Cork in January 2000 as commissioning producer to identify areas where the Cork studios could play a more significant role in the national schedule. The result was a series of new programmes produced by RTÉ Cork including:

Southern Exposure, a six-part series written and presented by Conal Creedon. This looked at six popular Munster holiday destinations, as they are now and how they were in the past; Mothers of Invention, a series produced by Donna O'Sullivan in which women talked about how creativity influenced their lives was; A Question of Food, presented by Derek Davis, with expert chefs offering culinary advice on a different style of cuisine each week; It's a Funny Business, produced and presented by Alf McCarthy, an eight-part series featuring interviews with Irish comedians; The Usual Suspects looked at the political and cultural life of Ireland using the framework of fictional sixties television cop shows.

RTÉ Radio One World, RTÉ's service for the asylum-seeking, refugee and immigrant communities living in Ireland, continued nightly on 1278metres on the medium waveband, produced by Marcus Connaughton.

Ongoing radio programmes included Late Date from the Cork studios three nights a week, presented by Lilian Smith; The Irish Collection, broadcast daily between 2am and 6am with highlights of the previous day's Radio 1 programming, presented by Steve Bolger and Daragh Murphy; Seascapes, the weekly maritime news and information programme presented by Tom MacSweeney. Since Summer 2000 John Creedon presents his lunchtime Radio 1 show from the Cork studios.

1 Paulina Chiwangu, presenter/reporter on Radio One World
Paulina Chiwangu láithreoir/ tuairisceoir Radio a hAon Domhanda.

.

Ar leanúint

Nuacht

Bliain ghnóthach eile ab ea 2000 ó thaobh nuachta i Réigiún an Deiscirt, le haighnis thionsclaíocha, gabháil drugaí agus roinnt mórchonspóidí i measc na gceannlínte náisiúnta. Ba bhuaiceanna spóirt iad filleadh na bpeileadóirí cathréimeacha ar Chiarraí agus an fháilte a cuireadh abhaile roimh Sonia O'Sullivan lena bonn airgid ó na Cluichí Oilimpeacha. Teist ar a dháiríre atá RTÉ i dtaobh an chraolacháin réigiúnaigh an teicneolaíocht is freacnaircí atá ar fáil anois dá leithéid d'ócáidí; ní bhaineann iargúltacht ná scoiteacht a thuilleadh le grinne an chlúdaigh nuachta a thugtar sna háiteanna is aistreánaí sa tír.

Continued

News

2000 was another busy news year in the Southern Region, with industrial disputes, drug hauls and some major controversies making national headlines. Among the sporting highlights were the return home of the victorious Kerry footballers and the hometown welcome for Olympic silver medallist Sonia O'Sullivan. The state-of-the art technology now available for coverage of such events is a testament to RTÉ's commitment to regional broadcasting; inaccessibility and distance are no longer influencing factors in the depth of coverage afforded to News in some of the most isolated parts of Ireland.

Bliain ríghníomhach ab ea 2000 do Ghrúpaí Seanma RTÉ. I measc na mbuaicphointí i mbliain na Ceolfhoirne Siansaí bhí seoladh Bhiaiste 2000/2001 le ceol an chumadóra Sergei Rachmaninov, an cheolchoirm Viennach ar Lá Caille atá aitheanta anois mar imeacht bliantúil i mBaile Átha Cliath, ceolchoirm oscailte Fhéile Idirnáisiúnta Cór Bhord Gáis i gCorcaigh, Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman agus camchuairt dhébhliantúil na Ceolfhoirne Siansaí ar Ghaillimh, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge le comhurraíocht RTÉ agus The Irish Times. Lena chois sin, thug an Cheolfhoireann Shiansach tionlacan d'iomaitheoirí bhabhta ceannais Fhéile Cheoltóir Mílaoise na Todhchaí i mí Feabhra agus do Chomórtas Idirnáisiúnta Pianó Bhaile Átha Cliath Axa i mí Bealtaine.

Bhí bliain an-ghníomhach ag Ceolfhoireann Choirme RTÉ chomh maith ar fud na hÉireann agus thar lear. Thug an Cheolfhoireann faoina gcamchuairt Music for Middlebrows ar Chluain Meala, Luimneach, an Clochán, Sligeach, Baile Átha Luain agus an Tullach Mhór i mí Feabhra. Ina dhiaidh sin bhí camchuairt Music from the Movies ar Dhún na nGall, Sligeach agus Baile Átha Cliath, comhócáid ansin idir Cór Setanta agus Cór Chathair Ard Mhacha in Ard Mhacha agus i nDún Dealgan agus camchuairt Hooked on Classics ar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh, Corcaigh agus Luimneach. I measc buaicphointí na bliana bhí taispeántas na Ceolfhoirne don Uachtarán Mhic Giolla Íosa agus do dhaoine mór le rá eile ag Expo 2000, dhá bhiaiste le Opera Ireland nuair a tuilleadh ardmholadh níos mó ná riamh ó léirmheastóirí as Katya Kabanova agus Lady Macbeth of Mtsensk agus sraith nua teilifíse ar RTÉ One le Gay Byrne. Cuireadh clabhsúr ar an mbliain le ceolchoirm mhór Oíche Chinn Bhliana mar cheiliúradh ar 75 bliana raidió in Éirinn.

1

2

1 Alexander Anissimov, Principal Conductor, NSO.
Alexander Anissimov, Príomhstiúrthóir na Ceolfhoirne Siansaí Náisiúnta.

2 National Symphony Orchestra.
An Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta.

Year 2000 was extremely active for RTÉ's Performing Groups. Highlights of the NSO calendar included the launch of the 2000/2001 Season, featuring the composer Sergei Rachmaninov, the New Year's Day Viennese concert, now established as an annual event in the Dublin calendar, the opening concert of the Bord Gais International Choral Festival in Cork, the Wexford Festival Opera and the NSO's bi-annual tour to Galway, Limerick, Cork and Waterford, jointly sponsored by RTÉ and The Irish Times. In addition, the NSO accompanied the Finalists at the RTÉ Millennium Musician of the Future Festival in February and the Axa Dublin International Piano Competition in May.

The RTÉ Concert Orchestra also had an active year appearing around Ireland and internationally. In February the Orchestra embarked on its very successful Music for Middlebrows Tour to Clonmel, Limerick, Clifden, Sligo, Athlone and Tullamore. This was followed by the Music from the Movies Tour to Donegal, Sligo and Dublin, a joint choral event between the Setanta Choir and the Armagh City Choir in Armagh and Dundalk and a Hooked on Classics Tour in Dublin, Galway, Cork and Limerick. Highlights of the year included the RTÉCO's performance for President McAleese and other dignitaries at Expo 2000, its two seasons with Opera Ireland in which it reached new levels of critical acclaim with Katya Kabanova and Lady Macbeth of Mtsensk and a new television series on RTÉ One with Gay Byrne. The year finished with a major New Year's Eve concert marking the anniversary celebrations of 75 years of radio in Ireland.

1 RTÉ Concert Orchestra.
Ceolfhoireann Choirme RTÉ.

2 Katya Kabanova.

3 Lady Macbeth of Mtsensk.

1

2

3

Ar leanúint

Mheall biaistí earraigh agus fómhair Cheathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ lucht éisteachta i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Ceatharlach, Caisleán an Bharraigh, Cathair Saidhbhín, an Clochán, Guaire, Luimneach, an Lios Mór, Lios Tuathail, Ros Mhic Thriúin, an Muileann gCearr, Loch Garman agus Cill Mhantáin. Bhí an Ceathairéad ina mbuíon chónaithe arís ag Féile ardmholta Cheol Aireagail Iarthar Chorcaí agus, i mí na Nollag, chualathas iad i 20 tír ar fud na cruinne nuair a chraol Lyric Fm a gceolchoirm i Luimneach i bpáirt le hAontas Craolacháin na hEorpa.

Lean an dá chór ag RTÉ, Cór Fiolarmónach RTÉ agus Cór na nÓg RTÉ dá dtaispeántais i rith na bliana. Ba bhuaicphointí ag an gCór Fiolarmónach a dtaispeántas de Missa Solemnis Beethoven mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Chór Bhord Gáis agus de L'Enfance du Christ le Berlioz i mí na Nollag. Lean Cór na nÓg RTÉ lena saothar le córchantairí óga a fhorbairt agus bhí comh-mhalartú traschultúrtha ceoil agus teanga i gceist leis an gcór Breatnach, Ysgol Gerdd Ceredigion i mí Dheireadh Fómhair (agus taispeántais acu i mBaile Átha Cliath agus Caerdydd). Ba chlabhsúr ar an mbliain dhá Cheolchoirm Nollag i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath nuair nár fágadh ticéad gan díol.

Bhí grúpaí seanma uile RTÉ gnóthach i 2000 agus tá an chuma ar 2001 go mbeifear chomh gnóthach céanna. Tá roinnt ceolchoirmeacha speisialta á mbeartú níos déanaí sa bhliain agus RTÉ ag leanúint dá rún daingean seanbhunaithe páirt mhór a ghlacadh i bhforbairt an cheoil in Éirinn agus gach saghas ceoil a chur ar fáil do lucht éisteachta chomh fairsing agus is féidir ar fud na tíre.

1

2

1, 2 Music for Fun Concert.
Ceolchoirm 'Music for Fun'.

Continued

The RTÉ Vanbrugh String Quartet continued to attract audiences with its Spring and Autumn seasons which toured to Dublin, Cork, Carlow, Castlebar, Cahirciveen, Clifden, Gorey, Limerick, Lismore, Listowel, New Ross, Mullingar, Wexford, Wicklow. The Quartet took up its residency once again at the renowned West Cork Chamber Music Festival and, in December, was heard in over 20 countries worldwide when its concert in Limerick was transmitted by Lyric FM in association with the European Broadcasting Union.

RTÉ's two choral groups, The RTÉ Philharmonic Choir and Cór na nÓg RTÉ continued their performances throughout the year. Highlights of the Philharmonic Choir's Season were its performance of Beethoven's Missa Solemnis as part of the Bord Gais International Choral Festival and L'Enfance du Christ by Berlioz in December. Cór na nÓg RTÉ, meanwhile, continued its commitment to the development of young choristers and engaged in a cross-cultural exchange of music and language with the Welsh choir, Ysgol Gerdd Ceredigion in October (involving performances in Dublin and Cardiff). Its year ended with two sell-out Christmas Concerts in Trinity College, Dublin.

2000 has been a busy year for all of the performing groups and 2001 promises to be equally active. Some special concerts are planned for later in the year as RTÉ continues its longstanding commitment to playing a major role in the development of music in Ireland and to providing all kinds of music to the widest possible audiences countrywide.

1 RTÉ Vanbrugh String Quartet, Gregory Ellis, violin, Simon Aspell, viola, Christopher Marwood, cello and Keith Pascoe, violin.
Ceathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ.

1

Liam Miller *Stiúrthóir Bainistíochta – Eagrúchán agus Forbairt*

Níor tosaíodh ar Eagrúchán agus Forbairt mar fheidhm ann féin in RTÉ go dtí 1997 leis an bhfreagracht shonrach go ndíreofaí ar fhorbairt straitéiseach agus tráchtála na heagraíochta craolacháin náisiúnta tráth a raibh bunchlaochlú ag teacht ar an timpeallacht chraolacháin agus ar theicneolaíochtaí cumarsáide. Bliain ríshuaithinseach a bhí i 2000 don ghrúpa seo ina bhfuil Pearsanra, Teicneolaíocht, Pleanáil Ghnó, Gnóthaí Dlí agus Gnóthaí Poiblí. Caitheadh cuid mhór de dhua na bainistíochta agus na foirne á chinntiú go leanfadh RTÉ ag forbairt mar mhórchraoltóir na n-ilmheán thar speictream uile na seirbhísí analógacha agus digiteacha.

Ghéaraigh an ráta claochlaithe in RTÉ go mór i mbliana faoi réir plean trí bliana d'inmharthanacht airgeadais a comhaontaíodh, agus nuair a tugadh an Comhaontú Claochlaithe chun críche mí Aibreáin. Ba thoradh ar na míonna fada de ghrinnsaothar an plean agus an deilbh-chomhaontú a tháinig as. Nuair a bhí an méid sin réitithe, thosaigh RTÉ ar phróiseas athphlé ar nósanna oibre agus ar éifeacht oibríochta, bord ar bhord le hathbhreithniúcháin ar leith ar réimsí gníomhaíochta áirithe. Ba thoradh amháin air seo gur seoladh raon de roghanna luathscoir agus scartha a beartaíodh chun an líon foirne a bhíonn ag plé leis na seirbhísí atá againn faoi láthair a laghdú de bhreis agus trí chéad faoi dheireadh 2002.

Dhírigh Eagrúchán agus Forbairt go sonrach ar éifeacht agus luach airgid na seirbhísí atá againn. Ina theannta san, bhí an rannóg lárnach i bpleanáil réimse de bheartais úra – an claochlú go cainéil chraolacháin dhigiteacha, bunú rannóige do mheáin dhigiteacha agus tacú leis an mBord Feidhmeannais agus leis an Údarás d'fhonn na hargóintí ar son airgid bhreise phoiblí do chraolachán seirbhíse poiblí a chur i láthair an phobail agus lucht cumtha na reachtaíochta. Tá an grúpa seo chun tosaigh i seoladh na teilifíse digití in Éirinn chomh maith trí bhainistiú a dhéanamh ar dhíol shócmhainní Ghréasán Tarchuradóireachta RTÉ agus ar chruthú comhfhiontair chun an bonneagar tarchuradóireachta náisiúnta a reachtáil.

Liam Miller **Managing Director – Organisation and Development**

The Organisation and Development function was only introduced in 1997 in RTÉ with a specific responsibility to focus on the strategic and commercial development of the national broadcasting organisation at a time of fundamental change in the broadcasting environment and communications technologies. 2000 has proved to be a very significant year for this grouping, which includes Personnel, Technology, Business Planning, Legal Affairs and Public Affairs. Much of the effort of the management team and staff has been devoted to ensuring that RTÉ continues to develop as the leading multi media broadcaster across the full spectrum of analogue and digital services.

The pace of change in RTÉ has increased dramatically within the framework of an agreed three-year financial viability plan and with the completion of the Transformation Agreement in April 2001. Both the plan and the subsequent framework agreement were the culmination of many months of dedicated work. With these initiatives in place, RTÉ commenced a process of detailed renegotiation of work practice and operational effectiveness issues side by side with specific reviews of particular areas of activity. One outcome of this was the launch of severance and early retirement options designed to reduce the numbers of staff involved with existing services by over three hundred by the end of 2002.

In addition to a clear focus on the efficiency and value for money in current services, Organisation and Development has also been centrally involved in the planning of a range of new developments including the transition to digital broadcasting channels, the establishment of a digital media division and supporting the Executive Board and Authority in making the case to the public and to the legislators for increased public funding for public service broadcasting. This group is also taking a lead role in the launch of digital terrestrial television in Ireland by managing the sale of RTÉ's Transmission Network assets and in the creation of a joint venture to run the national transmission infrastructure.

Shínigh RTÉ, Grúpa na gCeardchumann agus Cumann na mBainisteoirí an Comhaontú Claochlaithe. Leis an gcéad chéim seo i dtreo an chlaochlaithe atá riachtanach san eagraíocht, leagtar síos clár oibre uailmhianach claochlaithe i bpáirtnéireacht do na trí bliana atá romhainn.

Tá plean RTÉ le líon na foirne fostaithe a laghdú de 330 glan á fheidhmiú faoi láthair. Go dtí seo tá na laghduithe foirne a bheag nó a mhór de réir na bpleananna rannóige agus corparáideacha.

Deineadh dul chun cinn suaithinseach le comhphlé áitiúil páirtnéireachta i mórán réimsí oibre, Cláir Theilifíse ina measc agus comhchainteanna i dtreo Sheomra Digiteach Nuachta.

Tosaíodh ar fhorbairt i rith na bliana freisin ar ullmhúcháin do na cainéil nua dhigiteacha a bheidh á n-iompar ar chóras tarchuradóireachta Netco.

Bunaíodh an Lárionad Forbartha Foirne agus bhain líon suaithinseach foirne feidhm as na seirbhísí ann. Bunaíodh an Lárionad chun go dtiocfadh mearchlaochlú eagrúcháin trí éascú a dhéanamh ar athruithe in úsáid acmhainní daonna, ar chumais agus ar dhearcthaí, sa tslí go mbeadh an fhoireann agus na riachtanais ghnó ag teacht le chéile.

Bhí forbairt agus oiliúint foirne ag freagairt go díreach do scata réimsí gníomhaíochta a bhí ag forbairt go mear thar speictream leathan riachtanais RTÉ.

The Transformation Agreement was signed by RTÉ, the Trade Union Group and RTÉ Managers Association. This first step in addressing urgent organisational change sets out in partnership an agreed ambitious change agenda for the next three years.

RTÉ's plan to reduce the number of staff employed by 330 nett is currently being implemented. To date staff reductions are broadly in line with divisional and corporate plans.

Significant advances were made in local partnership discussions on restructuring in many work areas, including Television Programmes and negotiations towards a digital Newsroom.

The year also saw the beginning of development in preparation for the new digital channels which will be carried on the Netco transmission system.

The Staff Development Centre was set up and its services availed of by significant staff numbers. The Centre has been established to allow rapid organisational transformation by facilitating change in human resource deployment, capabilities and attitudes so as to match staffing to business needs.

Training and staff development provision responded directly to many rapidly developing areas of activity over the wide gamut of RTÉ's needs.

Áirítear Fógraíocht Raidió & Teilifíse, Commercial Enterprises Ltd. (CEL), Aonad na nÁiseanna Gnó, agus Aonad an Táille Ceadúnais Teilifíse i Rannóg Thráchtála RTÉ. San iomlán, fostaítear 663 duine sa Rannóg Thráchtála agus iad freagrach as na gníomhaíochtaí bailithe ioncaim uile in RTÉ. Ba é £200m iomlán an ioncaim do 2000.

Fógraíocht Raidió agus Teilifíse

Roinntear foireann na Fógraíochta Raidió agus Teilifíse, faoi cheannas Geraldine O'Leary, Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, ar thrí Aonad Gnó, rannóg Urraíochta agus Oifig Díolacháin Londan. Mar chuid de phlean straitéiseach na bliana 2000, bunaíodh Oifig Bhéal Feirste i mí na Nollag, ag freagairt don bhreis fáil atá ar RTÉ i dTuaisceart Éireann.

Fostaíonn Díolacháin RTÉ 51 duine agus tuilleadh ioncam £111.1m sa bhliain 2000. £22.6m an t-ioncam Raidió do 2000, méadú de 14% bliain ar bhliain agus thuill Teilifís £86m le méadú 4% bliain ar bhliain. Ó thaobh urraíochta ar chláir, tosaíodh ar roinnt mórurraíochtaí spóirt agus siamsaíochta, agus ina measc sin bhí Fair City (Conduit 11850), Ally McBeal (Cadbury's Flake), Euro 2000 (Carlsberg) agus ER (Irish Life), tuilleadh £2.5m i 2000, méadú 32% bliain ar bhliain. Bhí na treoirlínte urraíochta á n-athbhreithniú i rith na bliana seo caite agus beidh fáil ar threoirlínte leasaithe go luath d'úsáid inmheánach agus sheachtrach.



The RTÉ Commercial Division incorporates Television and Radio Advertising, Commercial Enterprises Ltd.(CEL), the Facilities Business Unit, and the TV Licence Fee Unit. In total, the Commercial Division employs 663 people and is responsible for all revenue-generating activities within RTÉ. Total revenue generated in 2000 was £200m.

Television and Radio Advertising

The Television and Radio Advertising team, headed by Geraldine O'Leary, Director of Sales and Marketing, encompasses three Business Units, a Sponsorship section, and the London Sales Office. As part of the strategic plan for the year 2000, a Belfast Office was established in December, in line with RTÉ's increased availability in Northern Ireland.

RTÉ Sales employs 51 people and generated £111.1m revenue in the year 2000. Radio revenue for 2000 was £22.6m, showing a 14% increase year on year, and Television generated revenue of £86m with 4% growth year on year. Sponsorship of programmes saw some major new sports and entertainment sponsorships including Fair City (Conduit 11850), Ally McBeal (Cadbury's Flake), Euro 2000 (Carlsberg) and ER (Irish Life), delivering £2.5m in 2000, achieving 32% growth year on year. The sponsorship guidelines have been under review in the past year and revised guidelines will soon be available for both internal and external use.

1 Ally McBeal.

2 ER.



Ar leanúint

Commercial Enterprises Ltd. (CEL)

Tá cuideachta CEL 100% i seilbh RTÉ. Is é cúram na cuideachta oiread ioncaim is is féidir a shaothrú as na gníomhaíochtaí neamhchraolacháin. Tá 82 duine fostaithe i CEL faoin Ardbhainisteoir (Gníomhach), John Redahan, agus scata aonad gnó á riar: Foilsitheoireacht (RTÉ Guide), RTÉ Music Ltd., Marsantacht, Díolacháin Idirnáisiúnta Clár, Stiúideonna Taifeadta CEL agus Seirbhísí Idirghníomhacha/Idirlín, mar aon le hinfheistíochtaí eile, Tara TV sa Ríocht Aontaithe ina measc agus Celtic Vision i SAM.

D'fhoilsigh an tAonad Foilsitheoireachta roinnt físteipeanna, dlúthcheirníní agus cáiséad i rith na bliana seo caite, go háirithe:

Físteipeanna

- *The Best of Garden Heaven*
- *The Best of Après Match 2000*

Dlúthcheirníní agus Cáiséid

- *The Playboy of the Western World*
- *The Aran Islands*
- *Oscar Wilde: Children's Stories*
- *Réalta 2000 – Seachain an Oíche*
- *A Midsummer Night's Dream*
- *Ceol Reoite*
- *Labhrás Ó Cadhla – Amhráin ó Shliabh gCua*

Leabhair

- *Sunday Miscellany*
- *Reading the Future*

1 Labhrás Ó Cadhla – Amhráin ó Shliabh gCua.

Continued

Commercial Enterprises Ltd. (CEL)

CEL is a company which is 100% owned by RTÉ. Its mission is to maximise revenue from non-broadcast activities. CEL employs 82 people with John Redahan as General Manager (Acting), and comprises of several different business units: Publishing (RTÉ Guide), RTÉ Music Ltd., Merchandising, International Programme Sales, CEL Recording Studios and Internet/Interactive Services, and other investments including Tara TV in the UK and Celtic Vision in the USA.

The Publishing Unit released a number of videos, CDs and cassettes in the past year. Most notably:

Videos

- The Best of Garden Heaven
- The Best of Après Match 2000
- Jack Lynch Remembered

CDs & Cassettes

- The Playboy of the Western World
- The Aran Islands
- Oscar Wilde: Children's Stories
- Réalta 2000 – Seachain an Oiche
- A Midsummer Night's Dream
- Ceol Reoite – Frozen Music
- Labhrás Ó Cadhla – Amhráin ó Shliabh gCua

Books

- Sunday Miscellany
- Reading the Future

1 Helen Dillon, Presenter Garden Heaven.
Helen Dillon, Láithreoir Garden Heaven.

Ar leanúint

RTÉ Guide

Is é an RTÉ Guide an iris is fearr díol in Éirinn i gcónaí, scaiptear thart ar 160,000 sa tseachtain agus áirítear 589,000 duine á léamh in aghaidh na seachtaine le sciar margaidh 20% den phobal fásta uile. Le linn 2000, bhí agallaimh eisiacha san iris le pearsain as Hollywood, leithéidí George Clooney, Tom Cruise, Jennifer Aniston agus Julia Roberts, gan ach beagán a lua.

Seirbhísí Idirghníomhacha/Idirlín

Is é Neil Clancy atá i bhfeighil Seirbhísí Idirghníomhacha RTÉ, bunaonad nua gnó laistigh de RTÉ CEL, cumasc de sheirbhísí RTÉ Online agus Aertel.

Is é Aertel, an chéad seirbhís leictreonach eolais in Éirinn, an rogha teaghlaigh is coitianta go fóill mar mheán tagartha thar raon leathan ábhar agus tá an obair thosaigh déanta do sholáthar an eolais seo trí chórais na Teilifíse Digití agus na bhFón Póca.

Is é RTÉ Online príomhsholáthróir na n-ilmheán arlíne in Éirinn, le seirbhísí mór-ráchairte Nuachta agus Spóirt agus láithreán d'Ealaíona, Cultúr is Siamsaíocht (ACE). Iompraítear beochraoladh gréasáin na gceithre stáisiún raidió ag RTÉ agus soláthraítear beochraoladh gréasáin chláir RTÉ One, Network 2 agus TG4 i bhformáid Real Video. Tá cartlann fhairsing ann freisin i bhformáid Real Audio.

1 Friends.

Continued

RTÉ Guide

The RTÉ Guide continues to be the best selling magazine in Ireland with a circulation in the region of 160,000 per week, a readership of 589,000 per week and a market share of 20% of all adults. In 2000, the magazine had exclusive Hollywood interviews with George Clooney, Tom Cruise, Jennifer Aniston, Julia Roberts, to name but a few.

Internet/Interactive Services

Neil Clancy is Head of RTÉ Interactive Services, a new key business unit within RTÉ CEL, merging the services of RTÉ Online and Aertel.

Aertel, Ireland's first electronic information service, remains the most popular domestic reference on a wide range of topics and preparatory work has been done for the provision of this information on Digital Television and Mobile platforms.

RTÉ Online is the leading provider of online multimedia in Ireland, offering popular News and Sports services and an Arts Culture and Entertainment site (ACE). It supports the live webcasting of RTÉ's four radio stations and provides live webcasting of RTÉ One, Network 2 and TG4 television programmes in Real Video format. There is also an extensive archive in Real Audio format.

Ar leanúint

I measc na bpríomhláithreán a seoladh le linn 2000 bhí:

ACE – Ealaíona, Cultúr agus Siamsaíocht: Seoladh ag deireadh 2000 agus soláthraítear treoir d'imeachtaí cultúrtha ar fud na tíre. Faightear nuacht, léirmheasanna agus agallaimh a bhaineann leis na healaíona agus le siamsaíocht ar an láithreán seo mar aon le míreanna fuaime agus físe ó Raidió agus ó Theilifís RTÉ agus ábhar nua ilmheán. Tá gnéithe idirghníomhacha ag an láithreán chomh maith, seomraí comhrá, cláir fógraí, agallaimh arlíne agus nuachtlitreacha, cuir i gcás.

Ceolnet – Cruthaíodh é seo sa dara leath de 2000 agus seoladh é 1 Eanáir 2001 san am chéanna ar tosaíodh ar cheiliúradh 75 bliana den raidió in Éirinn. Soláthraíonn an láithreán seo beochraoladh Idirlín de cheol traidisiúnta na hÉireann ó Chartlann Cheol Traidisiúnta RTÉ. Is cuid de thogra le hábhar nua a fhorbairt i bhformáidí fuaime agus ilmheán ar an Idirlíon é an láithreán seo. I measc na dtograí eile dá leithéid atá á réiteach tá láithreán foghlama Gaeilge le fuaim, agus seirbhís raidió do dhaoine óga.

RTÉ Sports Online agus RTÉ News Online – Cuireann siad seo an t-eolas Nuachta agus Spóirt is úire ar fáil, de réir mar a thagann scéalta chun cinn, mar aon leis na torthaí Spóirt is déanaí.

Áiríodh nach mór sé mhilliún impreisean leathanaigh in aghaidh na míosa sa trácht trí URL rte.ie, agus 250,000 d'úsáidirí ar leith sa mhí. 100,000 uair sa mhí a shroichtear na beoshruthanna fuaime agus seolann an láithreán nuachta breis is 20,000 nuachtlitir ríomhphoist gach lá chuig daoine a chláraigh linn. I nDeireadh Fómhair 2000, bhuaigh Seirbhísí Idirlín RTÉ gradam mór idirnáisiúnta – Cyber Hero of the Year – as fearann dot.ie a chur chun cinn.

Continued

Major new web sites launched in 2000 include:

ACE – Arts, Culture & Entertainment, launched at the end of 2000, provides a guide to cultural events throughout the country. The site features news, reviews and interviews covering arts and entertainment, audio and video features from RTÉ Radio and Television and new multimedia content. The site also provides interactive elements such as chat forums, bulletin boards, online interviews and newsletters.

Ceolnet – was developed throughout the latter part of 2000 and launched on January 1st, 2001, coinciding with the commencement of the 75th anniversary celebrations of Irish Radio. This site provides live Internet broadcasting of Irish traditional music from the RTÉ Traditional Music Archive. The launch of this site is part of a project to develop new content in audio and multi-media formats on the Internet. Other such projects in the pipeline include an Irish language learning site with audio and a children's radio service.

RTÉ Sport Online and RTÉ News Online continue to provide the latest News and Sport information, with breaking news stories and the latest sports results.

Traffic through the rte.ie URL was nearly six million page impressions per month, with 250,000 unique users monthly. Live audio streams are accessed over 100,000 times per month and the news site sends in excess of 20,000 e-mail newsletters to subscribers every day. In October 2000, RTÉ Internet Services won a major international award – Cyber Hero of the Year for promoting the dot.ie domain.



1 Neil Clancy, Head of Interactive Services, with Myles Dungan at the launch of the ACE website.
Neil Clancy atá i bhfeighil na Seirbhísí Idirghníomhacha, mar aon le Myles Dungan, nuair a seoladh láithreán gréasáin ACE.

Ar leanúint

Aonad Gnó na nÁiseanna

Is é Tony O'Connor Stiúrthóir na nÁiseanna Léiriúcháin Teilifíse, an Rannóg is mó san eagraíocht. Bhí os cionn 600 ball foirne ag obair sa rannóg seo i 1999 agus tá sé beartaithe é sin a laghdú de 20% faoi mhí na Nollag 2002. Faoi dheireadh 2000 bhí an líon foirne laghdaithe go 530 duine idir ocht gcinn d'fhoranna. Deineadh athstruchtúrú fairsing ar an Rannóg i 2000 agus is faoi Aonad Gnó na nÁiseanna atá a chuid feidhmeanna Airgeadais agus Díolacháin féin mar chuid d'oibríocht thráchtála RTÉ.

Soláthraíonn an Rannóg na hacmhainní teicniúla agus foirne uile is gá do léiriúcháin theilifíse (seachas foireann Léiriúcháin) – stiúideonna Teilifíse, Craolachán Seachtrach, Dearadh, saitilít, teicneoireacht, foirne scannánaíochta, iarléiriúchán agus seacht gcinn de stiúideonna réigiúnacha. Is é an bonn custaiméara atá i gceist, Cláir Theilifíse RTÉ, Nuacht, Raidió agus cuideachtaí seachtracha léiriúcháin. Bhí tionchar mór ar Áiseanna Léiriúcháin ag dírialú thionscal na teilifíse, go náisiúnta is go hinmheánach, mar aon leis an dualgas atá ar RTÉ faoin dlí cuid mhór den léiriúchán a fháil ón taobh amuigh. Ag freagairt do na dúshláin sin, tá rannóg na nÁiseanna Léiriúcháin Teilifíse bunaithe mar ghnóthas lántrádálta, gan deontas seirbhíse poiblí, a chuirfidh breisluach le RTÉ.

Tá Aonad Gnó na nÁiseanna tosaithe ar thrádáil go hinmheánach agus go seachtrach ag baint feidhme as rátaí margaidh an tionscail. Is deis fhorásach gnó é áiseanna a sholáthar do dhéantóirí neamhspleácha clár. I measc na bhfoinsí eile do ghnó nua bheadh na Cainéil úra Dhigiteacha, TG4 agus craoltóirí eile sa bhaile agus i gcéin. D'áireofaí gach aon ní ón Late Late Show go cluichí craoibhe Peile agus Iománaíochta Uile-Éireann san obair inmheánach agus, san obair sheachtrach, d'áireofaí raon an-éagsúil ó Who Wants to be a Millionaire (Tyrone Productions), Custer's Last Stand Up (BBC London) go Rásaíocht na gCapall.

Aonad an Táille Ceadúnais

Ainneoin gur dualgas faoin dlí é, níl ceadúnas reatha teilifíse ag gach duine a bhfuil teilifíseán acu.15.3% an ráta seachanta ar íoc an táille ceadúnais teilifíse in Éirinn, ráta atá ar na rátaí is airde san Eoraip. D'fhonn is go dtiocfadh oiread ioncaim agus is féidir go RTÉ ó Tháille an Cheadúnais Teilifíse, bheartaigh RTÉ Aonad Táille Ceadúnais a bhunú a d'oibreodh leis an áisíneacht bhailiúcháin d'fhonn na costais bhailiúcháin agus an ráta seachanta a laghdú oiread is is féidir. Is í Gerri McCaffery an Feidhmeannach Forbartha Gnó in Aonad an Táille Ceadúnais a bunaíodh ag druidim le deireadh 2000.

Continued

Facilities Business Unit

Tony O'Connor is Director of Television Production Facilities, the largest Division in the organisation. Over 600 staff were working in this division in 1999 and a reduction of 20% is planned by December 2002. By the end of 2000, the staffing level had been reduced to 530 working across eight departments. The Division underwent major restructuring in 2000 and the Facilities Business Unit now operates its own Finance and Sales functions as part of RTÉ's commercial operation.

The Division provides all the technical and human resources required for television production (apart from Production staff) – Television studios, Outside Broadcast, Design, satellite, technical, film crews, post production and seven regional studio operations. The customer base comprises RTÉ Television Programmes, News, Radio and external production companies. The deregulation of the television industry, nationally and internally, combined with RTÉ's legal obligation to outsource a considerable proportion of production, has had a major impact on Production Facilities. To meet these challenges, Television Production Facilities division is established as a fully traded business, free from public service subsidy, which will add value to RTÉ.

The Facilities Business Unit has started trading internally and externally using industry market rates. Providing facilities to independent programme makers represents an expanding business opportunity. Other sources of new business include the new Digital Channels, TG4 and other broadcasters at home and abroad. Internal work includes everything from the Late Late Show to All Ireland Football & Hurling matches and examples of external work vary from Who Wants to be a Millionaire (Tyrone Productions), Custer's Last Stand Up (BBC London) to Horse Racing.

Licence Fee Unit

Although it is a legal requirement, not everyone who owns a television set holds a current television licence. Running at 15.3%, Ireland has one of the highest rates of evasion of television licence payment in Europe. In order to maximise the revenue accruing to RTÉ from the Television Licence Fee, RTÉ decided to set up a Licence Fee Unit to work with the collection agency to minimise collection costs and minimise evasion. Gerri McCaffrey is the Business Development Executive in the Licence Fee Unit which was set up towards the end of 2000.

Mar chuid d'athrú an chultúir ghnó in RTÉ is gá freagracht na bainistíochta a leathnú agus bainistíocht a dhéanamh ar an gclaochlú.

Tá an Rannóg Pleanála Gnó chun tosaigh ag tacú leis an bhfócas nua gnó seo faoinar féidir spriocanna a cheapadh atá bunaithe ar ghníomh agus tuairisciú níos mine a dhéanamh ar obair na bainistíochta. Deineann Pleanáil Ghnó comhordú ar réiteach na Straitéise Corparáidí trí bliana, ar na bonnphleananna airgeadais agus daonchumhachta, ar phleananna gnó bliantúla na rannóg agus ar na príomhthascairí feidhmiúcháin.

1 Bryan Dobson, speaking at a public meeting in the Mansion House.
Bryan Dobson, ag caint ag cruinniú poiblí i dTeach an Ardmhéara.

2 A public meeting in Kerry chaired by Miriam O'Callaghan, pictured here with Ed Mulhall, Director of News and Helen Shaw, Director of Radio.
Cruinniú poiblí i gCiarraí mar a raibh Miriam O'Callaghan sa chathaoir. Ed Mulhall, Stiúrthóir na Nuachta agus Helen Shaw, Stiúrthóir an Raidió, anseo freisin.

The transformation of the business culture within RTÉ involves the achievement of greater management accountability and the management of change.

The Business Planning Division is leading and supporting this new business focus that enables action based goal setting and tighter reporting on the performance of management. Business Planning co-ordinates the production of the three-year Corporate Strategy, the underlying financial and manpower plans, annual divisional business plans and key performance indicators.

Athraíodh go sásúil go Bliain an 2000 agus dhírigh Rannóg na Teicneolaíochta ansan ar uasghrádú leanúnach na gcóras ríomhaireachta agus feidhmiúcháin. I measc na nithe ar chaith an Rannóg díriú orthu i rith na bliana bhí an t-athrú go dtí an Euro in Eanáir 2002, an claochlú leanúnach go léiriúchán digiteach raidió agus teilifíse, iarrachtaí i dtreo feabhsuithe caighdeáin agus méadú ar tháirgíocht, mar aon leis an riachtanas go gcoimeádfaí bonneagar teicniúil RTÉ ag feidhmiú go barréifeachtach.

Ar thairseach na timpeallachta ilchainéil digití, ba riluachmhar an taithí, teicniúil agus feidhmiúil, a fuarthas ón gclár píolótach do scar-roghanna réigiúnacha a seoladh san fhómhar.

Sealús agus Bonneagar: Feistíodh Foirgneamh nua na gClár Teilifíse agus lonnaíodh breis is 400 ball foirne ann i dtréimhse chúig mhí. Tosaíodh ar an gclár chun Ríomhairí Pearsanta nua le hardsonraíocht a thabhairt ar bráid san fhoirgneamh sin agus leanfar de ar ráta 800 sa bhliain nó mar sin.

Timpeallacht: Bhain mórán dúshlán leis an mbliain seo. Táthar ag treisiú ar na rialacháin agus bíonn an-obair le déanamh dá réir maidir le diúscairt bruscair agus sláinteachas. Beidh orainn roinnt mhaith acmhainní a dhíriú orthu seo sa bhliain romhainn.

NETCO: Leanadh den phleanáil chun tosú ar Theilifís Thalmhaí Dhigiteach (TTD) i rith na bliana. Deineadh dul chun cinn sa tionscnamh le gnó ghréasán tarchuradóireachta RTÉ a dhíol agus tá an réimse oibríochta lánullmhaithe anois lena dhíol, de réir mar a mheasaimid, i lár 2001. Coimeádfaidh RTÉ scair 28% sa chuideachta nua. Is í an chuideachta nua a bheidh mar phríomhsholáthróir na seirbhísí raidió agus teilifíse, analógach agus digiteach, do RTÉ agus do chraoltóirí ceadúnaithe tráchtála.

Following the successful changeover to Year 2000, the Technology Division concentrated on the continuing upgrade of computer and operational systems. Among the issues that challenged the Division during the year were the impending changeover to the Euro which will occur in January 2002, the ongoing conversion to digital radio and television production, aspirations for improved quality and increased productivity, together with the need to keep RTÉ's technical infrastructure operating at peak efficiency.

The pilot regional opt-out programme launched in the autumn has provided invaluable technical and operational experience going into the digital multi-channel environment.

Property and Infrastructure: The new Television Programmes Building was brought on stream and over 400 staff were accommodated in a period of five months. The programme for roll out of new high specification PCs began in that building and will continue at the rate of approximately 800 per year.

Environment: The year was one of great challenge. Increasingly stringent regulations resulted in much activity in such areas as waste disposal and hygiene. These will remain the focus of considerable resources in the coming year.

NETCO: The year also saw continued planning for the introduction of Digital Terrestrial Television (DTT). The project for the sale of RTÉ's transmission network business was progressed and the operation is now fully prepared for the expected sale in mid 2001. RTÉ will retain a share of 28% in the new company. The new company will be the primary provider of analogue and digital radio and television services to RTÉ and licensed commercial broadcasters.

1, 2 Sixth RTÉ Taispeantas Shannon Design – Athlone November 2000.
Séú Taispeántas RTÉ Shannon Design – Baile Átha Luain, Samhain 2000.

1

2

Leanadh de chruinnithe poiblí Rannóg na nGnóthaí Poiblí agus bhí an chéad Taispeántas Taistil Campais riamh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ina dhiaidh sin i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tionóladh cruinnithe i Loch Garman, Cill Chainnigh, Ros Comáin, Maigh Eo, Cill Airne, Corcaigh agus Baile Átha Cliath. Faigheann an pobal deis ag na cruinnihtre seo ceisteanna a chur ar an bPríomh-Stiúrthóir agus ardfheidhmeannaigh Theilifíse, Raidió agus Nuachta a cheistiú maidir le polasaí craolacháin RTÉ agus cúrsaí na gclár. Bíonn pearsain raidió agus teilifíse i láthair ag na cruinnithe.

D'fhógair RTÉ go rabhthas chun urraíocht a thabhairt do Pháirc Fiabheatha Fhóta. Mar chuid den phlean tabharfaidh RTÉ tacaíocht do thograí caomhnaithe a bheidh á mbainistiú ag an bPáirc Fiabheatha. D'fhreastail cúigear is seachtó dalta ó Scoil Íosa Naofa ar an gcóisir mar ar fógraíodh tacaíocht RTÉ agus craoladh clár ceiliúrtha Mooney Goes Wild On One ó Pháirc Fiabheatha Fhóta.

Reachtáladh séú Taispeántas RTÉ Shannon Design i mBaile Átha Luain i mí na Samhna. Bronntar na gradaim ar dhearthóirí óga as gach cearn d'Éirinn agus níl aon teorainn aoise. Ní bhíonn i gceist ach nach mbeadh na dearthóirí bunaithe i dtionscal an fhaisin sula gcuireann siad isteach ar an gcomórtas. Tá an seó imithe ó neart go neart agus is é an seó faisin is mó in Éirinn anois é.

I rith na bliana d'eagraigh an Rannog turasanna seanaithneach ar RTÉ le haghaidh Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhairleoirí áitiúla.

Chuir Rannóg na nGnóthaí Poiblí leis an seirbhís eolais agus phoiblíochta do na meáin agus don phobal. Ar bhonn réamhghníomhach, eagraítear ócáidí eolais agus deiseanna grianghraf don phreas agus soláthraítear sruth eolais agus grianghraf go seachtainiúil do na meáin ar fud na tíre i dtaobh na gclár raidió agus teilifíse uile, agus freagraítear iliomad iarratas agus ceist gach lá.

1 Mooney Goes Wild On One broadcast a special edition from Fota Wildlife Park.
Craoladh eagrán ar leith de Mooney Goes Wild On One ó Pháirc Fhiabheatha Fhóta.

The Public Affairs Division continued its programme of public meetings and held its first Campus Roadshow in UCC with a subsequent meeting in UCD. During the year, meetings were held in Wexford, Kilkenny, Roscommon, Mayo, Killarney, Cork and Dublin. These meetings provide the public with an opportunity to question the Director-General and senior executives from Television, Radio and News about RTÉ's broadcasting policy and programming issues. Television and radio personalities and presenters also attend the meetings.

RTÉ announced its sponsorship of Fota Wildlife Park in October 2000. As part of the sponsorship arrangement, RTÉ will support conservation projects managed by the Wildlife Park. Seventy-five pupils from Scoil Íosa Naofa attended the Fota party to announce RTÉ's support and the occasion was also marked by a special edition of Mooney Goes Wild On One from Fota Wildlife Park.

The sixth RTÉ Taispeántas Shannon Design Show was held in Athlone in November. The awards are for young designers from all over the island of Ireland and there is no age limit. The only consideration is that the designers are not established in the fashion business prior to entry. The show has grown from strength to strength and is now the biggest fashion show in Ireland.

During the year the Public Affairs Division arranged familiarisation tours of RTÉ for TDs, Senators and local councillors.

The Public Affairs Division also increased its publicity and information service to the media and to the public. Proactively, it organises press briefings and photo opportunities, and supplies a weekly flow of information and photographs to media nationwide, covering RTÉ's output of radio and television programmes, while also responding to numerous queries and requests on a daily basis.

1 Gerry Reynolds, Controller Digital Channels at the Cork Campus Roadshow.
Gerry Reynolds, Ceannaire na gCainéal Digiteach, ag Taispeántas Campais Chorcaí.

2 Meath Sheltered Work on a visit to the Fair City lot.
Saothar Dídeanaithe na Mí ar cuairt chuig ionad taifeadta Fair City.